FAOI CHAIBIDIL

Foilseofar an forlíonadh ealaíon seo ar nuachtáin Ghrúpa Meán Bhéal Feirste, Andersonstown News, North Belfast News agus South Belfast News, chomh maith le www.nuacht.com

LOTTERY FUNDED

Forlíonadh ealaíon in eagar ag Ciarán Ó Pronntaigh

Teagmháil: leabhar@nuacht.com

Scéal a chuireann na cúigí in adharca a chéile

Eilís Ní Dhúill



B'ábhar spéise dom é leagan ilmheánach stáitse den úrscéal grafach a ghnóthaigh duais don leabhar Gaeilge is fearr do dhaoine óga ag Oireachtas na Gaeilge 2006, *An Táin*, le Colmán Ó Raghallaigh, a fheiceáil ar chlár na féile litríochta idirnáisiúnta, *Cúirt* 2009.

Ar mhaithe leis an bhfiosracht a shásamh agus gan náire ar bith shleamhnaigh mé isteach sa scuaine daoine óga a bhí bailithe lasmuigh d'amharclann Oileán Altanach i nGaillimh maidin Aoine seo caite.

Is uair éigin roimh 1106 A.D. a scríobhadh síos scéal na tána den chéad uair i *Leabhar na hUidhre*, an lámhscríbhinn Gaeilge is ársa dá bhfuil ann, agus áirítear an scéal miotaseolaíoch seo ar cheann de mhórscéalta an domhain.

Tá uaisleacht, crógacht agus tragóid an bhunscéil fite fuaite go healaíonta san úrscéal grafach seo agus é tugtha chun beatha go draíochtúil sa léiriú stáitse de.

Is é Páraic Breathnach, stiúrthóir ionad ealaíona na Gaillimhe, a ghlacann ról an reachtaire agus cuireann sé idir luas agus spriod faoin insint stáitse den scéal seo.

Insíonn sé mar a éiríonn idir banríon Chonnacht, Méabh (Brídín Nic Dhonnacha), agus a fear céile Ailill (Eoinín Mac Diarmada) lá amháin nuair a chuireann siad a maoin agus a saibhreas i gcomórtas lena chéile.

Tagann éad as cuimse ar Mhéabh nuair a theipeann uirthi Ailill a shárú.

Aige siúd atá an Fionnbheannach, tarbh nach bhfuil a leithéid le fáil in Éirinn agus is mar gheall air seo atá an buntáiste ag Ailill.

Nuair a insíonn Mac Roth (Séamus Mac Aodha) do Mhéabh go bhfuil tarbh nach bhfuil a shárú in Éirinn, an Donn Cuailgne, ag Dáire Mac Fhiachna, cuireann Méabh Mac Roth agus a ghiollaí go Cúige Uladh ag iarraidh iasacht bliana an tairbh.

Gealltar tailte, beithígh agus carbaid do Mhac Roth agus tá sé sásta go maith leis an mbeart go dtí go maslaíonn duine de ghiollaí Mhic Roth é ag féile na hoíche sin.

Nuair a fhilleann Mac Roth ar Chruachain gan an tarbh tugann Méabh ordú dá teachtairí gach cearn den tír a chuardach agus gan filleadh go mbeadh airm uile na hÉireann ina dteannta.

Is gearr go mbíonn sé ina chogadh dearg idir arm Mhéabh agus fir Uladh. Ar deireadh, agus a bhuíochas de bhréag a d'inis Méabh, téann Cú Chualainn in éadan a charad, Fear Dia, agus maraíonn sé é.

Nuair a thuigeann Cú Chulainn agus na fir eile go bhfuil Méabh tar éis cleas a imirt orthu agus an scriosadh seo go léir a tharraingt orthu tagann áiféala agus fearg orthu.

Bailíonn siad fir Uladh ar fad le chéile agus déanann siad ruathar ar Chonnachta.

Faoin am seo, tá an Donn Cuailgne tugtha chomh fada le Connachta ag Méabh ach má tá téann sé féin agus tarbh Ailill, an Fionnbheannach, in adharca a chéile.

Titeann an Fionnbheannach, é maraithe ag an Donn Cuailgne a fhágann an áit lárnach le filleadh ar Ulaidh.

A luaithe a fhilleann sé ar Ulaidh, áfach, faigheann sé féin bás.

Tharraing Méabh scrios agus marú ar an dá chúige ach má tharraing níor shásaigh sé sin í.

Seacht mbliana níos déanaí tá fonn díoltais uirthi go fóill agus ní stopann sí go dtí go n-éiríonn lena harm Cú Chulainn a mharú go fuilteach.

Is ag pointe ollscrios an scéil is mó a aithnítear cumas na n-aisteoirí agus na na gceoltóirí spleodracht an scéil a léiriú.

Éiríonn le hEoinín Mac Diarmada agus Séamus Mac Aodha athchruthú a dhéanamh ar fhuaimeanna troda na bhfear agus na n-ainmhithe.

Úsáideann na ceoltóirí pé uirlis is oiriúnaí don eachtra atá ag titim amach, iad ag babhtáil idir fidil, méarchlár, drumaí agus uirlisí eile atá cruthaithe acu féin, chun athchruthú réalaíoch a dhéanamh ar an atmaisféar.

Is scéal bríomhar é *An Táin* atá lán le heachtraí fuilteacha, foréigean agus ollscrios.

Tá leagan fíor-tharraingteach agus réalaíoch de tugtha i leabhar Uí Raghallaigh agus ba dheas liom na graificí a fheiceáil ar an scáileán mór.

Cé gur fiú go mór an scéal a léamh ón leabhar féin, éiríonn leis na haisteoirí, Páraic Breathnach, Eoinín Mac Diarmada, Séamus Mac Aodha, Brídín Nic Dhonnacha agus Éamonn Draper, agus na ceoltóirí, Nóra Ní Channaín agus Brendan Savage, a raibh á dtionlacan, cur leis an insint agus a gcuid féin a dhéanamh den scéal.

Idir an gheáitsíocht agus na focail agus na fuaimeanna a bhí á gcruthú ag an gclár aisteoirí agus ceoltóirí coinníodh an lucht féachana óg ar bís tríd síos.

Is éacht ann féin é sin, ar ndóigh, agus is cruthú é ar éifeacht an chur chuige nua-aimseartha seo.

Tá moladh tuillte ní hamháin ag na haisteoirí agus na ceoltóirí a ghlac páirt sa léiriú seo ach acu siúd a raibh an misneach acu sárleabhar a chur in oiriúint don stáitse agus é a roinnt ar lucht féachana níos leithne.

Páraic Breathnach

Cad a deir tú leis na hAlbanaigh?

Tá sé thart ar chúig bliana déag ó chonaic mé na filí Albanacha anseo in Éirinn

Smaoineamh an-mhaith, a mheas mé, nó cé go raibh an-spéis agam i litríocht agus i gcultúr Ghaeil na hAlban ba bheag taithí a bhí agam orthu agus sa ré neamh-idirlín ba bheag faill a bhí ag daoine iad a bhlaiseadh.

Go háirithe sa dóigh bhríomhar spleodrach a reáchtáil na heagraithe é le píobairí agus gach sórt eile.

Mhair cuairteoirí na bliana an turas go Toraigh agus anois tá siad ar ais sa Ghaeltacht eile thar sáile.

Ach an bhfuil ag éirí leis an scéim an cuspóir atá aici a chur i gcrích, mar atá, comhthuiscint idir an dá phobal Gaeilge a chur chun cinn.

Oícheanta sultmhara den chéad scoth a bhíonn ann, gan aon cheist, ach tá amhras orm go mbíonn cuid den chur i gcéill i gceist, chomh maith.

Ná tóg go contráilte mé, molaim an chuairt agus is tábhachtach amach an dlúthpháirtíocht a chothaíonn siad idir dhá phobal atá imeallaithe.

Má tá a fhios agat nach bhfuil tú leat féin tugann sé uchtach duit agus is cinnte go bhfuil sin i gceist, go háirithe nuair a thugtar cuairt ar cheantair imeallacha Ghaeltachta.

Is cuid den chothromóid, áfach, go bhfuil an dá chanúint chomh gar dá chéile gur chóir go mbainfeadh daoine ón dá thaobh sult as. Nó sin an teoiric cibé.

Ach an bhfuilimid giota beag ródhóchasach as daoine? Má bhím féin ag léamh filíochta i nGaeilge na hÉireann is minic go dtéim ar strae, go háirithe le dánta ó fhile nach bhfuil mé cleachta leis nó léi.

Cuidíonn sé na focail a bheith os do chomhair ach fós féin bíonn ort dhá rud a dhéanamh ag an aon am amháin (rud nach furasta do na fir, cibé).

Nuair a chuala mé an file Albanach, Somhairle Mac Gill-Eain, ar an Iúr, tamall beag roimh a bhás, caithfidh mé a rá gur oíche chomh spreagúil is a bhí agam riamh a bhí ann.

(Ní fios cad é a shíl sé faoi Chathaoirleach na Comhairle, Danny Kennedy, a thug rúid isteach ar an oíche i gclubtheach an Mhullaigh Bháin in Ard Mhacha Theas, gur thosaigh sé a scairteadh i seanard a chinn faoina athair bheith ina Ghaeilgeoir ach nach fiú an Ghaeilge sa lá atá inniu ann).

Bhí d'ádh orm spléachadh gasta a thabhairt ar chúpla dán dá chuid roimh ré ach le bheith ionraic ba bheag a thuig mé.

Ócáid shóisialta a bhí san fhilíocht in anallód ach tá mé buartha nach bhfuil mé ag teacht leis an chur síos níos mó.

B'fhéidir gur orm féin atá an locht ach caithfidh go bhfuil go leor daoine mar an gcéanna liomsa. B'fhéidir nach Gaeil muid ar chor ar bith!

Ciarán Ó Pronntaigh



An bhfuil tú ag scríobh?

Má tá gearrscéalta nó dánta ina luí sa deannach faoin leaba agat, is é seo an t-am cuí lena dtarraingt amach.

Leanfaidh Grúpa Meáin Bhéal Feirste leis ag foilsiú scríbhneoireacht nuachumtha ar bhonn rialta agus tá an t-eagarthóir ealaíon ag fanacht le d'iarracht.

Ní hamháin go mbeidh do shaothar le feiceáil i nuachtán a léitear go leitheadach, ach íocfar táille chuí as na hiarrachtaí a chuirfear i gcló.

Cheana féin seoladh an dara himleabhar den scríbhneoireacht nua a foilsíodh ar *Lá Nua*. Chomh maith leis sin beidh sé le feiceáil ar an suíomh, www.nuacht.com.

Is féidir iarrachtaí a sheoladh ar ríomhphost chuig: leabhar@nuacht.com nó tríd an phost go dtí:

Scríbhneoireacht Nua
Faoi Chaibidil
2 Cnoc Bhaile Haine,
Béal Feirste,
BT17 OLT